Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Deireadh Fómhair 2024 (OR. en)**

**14182/24**

**ENFOPOL 393**
**ENFOCUSTOM 117**
**ENV 977**
**CRIMORG 125**
**COPEN 441**
**JAI 1461**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 10 Deireadh Fómhair 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13761/1/24 REV 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcoireacht chomhshaoil trasteorann a chomhrac<br>– Conclúidí ón gComhairle (10 Deireadh Fómhair 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis gcoireacht chomhshaoil trasteorann a chomhrac, a d'fhormheas an Chomhairle (Ceartais agus Gnóthaí Baile) ag an 4049ú cruinniú a bhí aici an 10 Deireadh Fómhair 2024.

## Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcoireacht chomhshaoil trasteorann a chomhrac

### Breithnithe ginearálta

1. Tá coireanna comhshaoil fós ar na gníomhaíochtaí neamhdhleathacha is brabúsaí, agus is bagairt mhór iad ar shábháilteacht na saoránach agus na nglúnta atá le teacht san Eoraip agus ar fud an domhain, de bharr an dochair shuntasaigh a dhéantar don chomhshaol, agus an scriosadh a dhéantar air d'aon ghnó, ar mhaithe le gnóthú neamhdhleathach airgid. Tá sé ríthábhachtach an choireacht chomhshaoil a chomhrac chun sábháilteacht na saoránach a chosaint, ach in ainneoin na tábhachta a bhaineann leis seo, ní thugtar tosaíocht leordhóthanach don chineál sin coireachta i gcónaí. Cé go bhfuil an choireacht chomhshaoil ar cheann de thosaíochtaí an Aontais maidir leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta tromchúisí eagraithe a chuireann an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla [1] chun feidhme, níl tiomantas na ngeallsealbhóirí uile ar an leibhéal céanna le hais réimsí tosaíochta eile coireachta.

2. Ní dócha go dtiocfaidh laghdú ar mhéid na bagartha sa mheántéarma, go háirithe fad is a bheidh teacht ag coirpigh ar mhargadh leochaileach agus fad is a bheidh siad in ann deiseanna a thapú chun airgead a dhéanamh go héasca.

3. I bhfianaise na gcineálacha bagairtí atá ann, tá gá le cur chuige cuimsitheach i leith na coireachta comhshaoil. Tá an cineál sin coireachta, ar mhórscála, ag cur isteach go mór faoi láthair ar éiceachórais, sláinte agus slite beatha daoine, agus ar an tslándáil agus an smacht reachta. Déanann coireanna comhshaoil dochar suntasach eacnamaíoch freisin, lena n-áirítear tríd an margadh ábhartha a lagú trína nochtadh d'iomaíocht éagórach le hoibreoirí neamhdhleathacha, go háirithe maidir le bainistiú dramhaíola. Tá seilbh glactha ag líonraí coiriúla go forleathan air agus is minic a bhíonn baint aige le cineálacha eile coireachta tromchúisí – éilliú, sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta san áireamh.

[1] 7101/23.

4. Coireanna a mbíonn tionchar acu ar an gcomhshaol, cumhdaíonn siad go leor cineálacha iompair neamhdhleathaigh, lena n-áirítear, mar shampla, gáinneáil neamhdhleathach ar dhramhaíl, adhmad, fiadhúlra, lena n-áirítear *inter alia* flóra agus fána agus táirgí díobh, ar nós feoil fhiáin; gáinneáil ar mhianraí, mianadóireacht ar mhiotal lómhar agus mianadóireacht neamhdhleathach, chomh maith le saincheisteanna eile atá ag teacht chun cinn, mar shampla, calaois san aistriú fuinnimh agus bainistiú dramhaíola neamhdhleathach; mar aon le sáruithe eile a théann i bhfeidhm ar an gcomhshaol, nuair a shainmhínítear iad mar choireanna, mar shampla, truailliú, dóiteáin foraoise choiriúla ar mhórscála , cionta a dtarlaíonn ídiú acmhainní uisce dá mbarr nó cionta in aghaidh speicis mhuirí chosanta[2]**.**

5. Ní mór na réigiúin is forimeallaí san Aontas, chomh maith le tíortha agus críocha thar lear[3], a bhfuil timpeallacht nádúrtha eisceachtúil agus an-leochaileach acu agus a bhfuil raon leathan bagairtí os a gcomhair, ní mór iad a chosaint ar an mbonn céanna le croí-chríoch an Aontais.

6. Na himpleachtaí costais a bhaineann le damáiste don chomhshaol a dheisiú agus le déileáil leis an tionchar ar shláinte an duine, is féidir na costais sin a laghdú trí choireacht chomhshaoil a chosc agus gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh ina coinne, mar shampla i gcás dramhaíl a dumpáladh go neamhdhleathach, rud a chuireann costais shuntasacha ar na Ballstáit.

7. An 8 Nollaig 2016, ghlac an Chomhairle conclúidí maidir leis an gcoireacht chomhshaoil a chomhrac[4].

8. I mí Iúil 2020, i Straitéis an Aontais um an Aontas Slándála, a thíolaic an Coimisiún, sainaithníodh an choireacht chomhshaoil mar ghnó neamhdhleathach a bhfuil méadú ag teacht ar na brabúis a ghintear léi agus a mbaineann líonraí coiriúla leas aisti, rud a d'fhág go raibh gá le tuilleadh gníomhaíochta.

---

**2** Mar shampla, iad siúd dá dtagraítear in aithris 8 de Threoir (AE) 2024/1203 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil.

**3** Na réigiúin ainmnithe is forimeallaí: Guadalúip, Guáin na Fraince, la Réunion, Martinique, Mayotte agus Saint-Martin (an Fhrainc), na hAsóir agus Maidéara (an Phortaingéil) agus na hOileáin Chanáracha (an Spáinn). Agus baineann stádas tíre agus críche thar lear le 13 thír agus chríoch ar le trí cinn de Bhallstáit an Aontais iad: An Danmhairg, an Fhrainc agus an Ísiltír.

**4** 15412/16.

9. I mí Aibreáin 2021, leagadh béim i Straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe 2021-2025 ar éifeachtaí díobhálacha na coireachta comhshaoil ar an mbithéagsúlacht, ar tsláinte agus ar an gcomhtháthú sóisialta laistigh den Aontas agus i dtríú tíortha; agus d'iarr sí go neartófaí an acmhainneacht forfheidhmiúcháin ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Comhlánaíodh an straitéis sin le sraith chuimsitheach gníomhaíochtaí tosaíochta i dTreochlár an Aontais chun gáinneáil ar dhrugaí agus coireacht eagraithe a chomhrac don tréimhse 2024-2025 lena ndírítear ar cheithre réimse tosaíochta le haghaidh gníomhaíocht mhéadaithe: athléimneacht na mol lóistíochta a neartú, na struchtúir agus a samhlacha gnó a dhíchóimeáil trína mbrabúis a urghabháil agus a choigistiú, an cur chuige riaracháin maidir le cosc agus comhar idirnáisiúnta a chur chun feidhme.

10. I mí na Bealtaine 2021, ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le tosaíochtaí an Aontais a leagan síos do chomhrac na coireachta tromchúisí eagraithe le haghaidh an Ardáin Eorpaigh Ildisciplínigh i gCoinne Bagairtí Coiriúla 2022-2025[5]. Ceann de na tosaíochtaí sin ná cur isteach ar líonraí coiriúla a bhíonn rannpháirteach i ngach cineál coireachta comhshaoil agus aghaidh ar leith á tabhairt ar an ngáinneáil ar dhramhaíl agus ar fhiadhúlra, chomh maith le líonraí coiriúla agus fiontraithe aonair coiriúla a bhfuil sé ar a gcumas rochtain gan chead a fháil ar struchtúir dhlíthiúla ghnó ar leibhéal ard, nó a ngnólachtaí féin a chur ar bun, ar mhaithe lena gcuid coireanna a éascú.

11. An 9 Samhain 2022, ghlac an Coimisiún plean gníomhaíochta athbhreithnithe an Aontais i gcoinne na gáinneála ar fhiadhúlra[6], ina leagtar amach bearta nithiúla, lena gcuimsítear cosc, forbairt beartais agus reachtach, forfheidhmiú agus comhar idirnáisiúnta, chun an choireacht sin a chomhrac. Tá sé tábhachtach a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach é.

12. Ba cheart na hiarrachtaí chun dul i ngleic leis an gcoireacht chomhshaoil a fheabhsú, ag tógáil ar thorthaí na bpleananna gníomhaíochta oibríochtúla maidir leis an gcoireacht chomhshaoil laistigh den Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla agus i bhfianaise thorthaí an 8ú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha ar an gcoireacht chomhshaoil.

---

**5** 8665/21 agus 7101/23.

**6** 14718/22.

13. Tháinig an Treoir nua maidir le Coireacht Chomhshaoil[7] i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2024 agus glacann sí cur chuige cuimsitheach dian mionsonraithe i leith na coireachta comhshaoil. Leathnaítear leis liosta na gcionta atá le bunú mar choireanna sa dlí náisiúnta agus áirítear leis forálacha maidir le pionóis do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha agus maidir leis an slabhra forfheidhmiúcháin a neartú, lena n-áirítear sásraí comhair laistigh de na Ballstáit agus eatarthu. Táthar ag súil go dtabharfar Coinbhinsiún nua Chomhairle na hEorpa maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil[8] chun críche i R4 2024 agus go n-osclófar é le haghaidh sínithe i R1 2025.

14. Tá forálacha tábhachtacha nua sa Rialachán nua maidir le Loingsiú Dramhaíola[9] i ndáil le forfheidhmiú in aghaidh loingsithe neamhdhleathacha dramhaíola, lena n-áirítear forálacha maidir le hiniúchtaí, pionóis agus comhar.

15. Chun a áirithiú go dtabharfar líonraí coiriúla is cionsiocair le coireanna comhshaoil chun cuntais sa chleachtas, tá sé tábhachtach leanúint d'fheabhas a chur ar fhorfheidhmiú an dlí agus ar an gcomhar breithiúnach idir na Ballstáit agus níos faide i gcéin.

---

**7** Treoir (AE) 2024/1203 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus a chuirtear in ionad Threoracha 2008/99/CE agus 2009/123/CE, IO L, 30.4.2024 (an 'Treoir maidir le Coireacht Chomhshaoil').

**8** Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa a ghabhfaidh ionad Choinbhinsiún 1998 maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil agus a chuirfear in ionad an Choinbhinsiúin sin (ETS Uimh. 172, 9.11.1998).

**9** Rialachán (AE) 2024/1157 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le loingsiú dramhaíola, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1257/2013 agus (AE) 2020/1056 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006, IO L, 30.4.2024.

16. Éilíonn gné thrasnáisiúnta na coireachta comhshaoil a dhéanann líonraí coiriúla go neartófaí an comhar idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit chomh maith le tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus tuilleadh comhpháirtithe poiblí agus príobháideacha, agus aird á tabhairt, mar shampla, ar Chomhaontú Pháras 2015 maidir leis an athrú aeráide[10] agus ar chuspóirí Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montreal 2022[11]. Ba cheart don Aontas an comhar le tríú tíortha leasmhara a neartú ar an leibhéal déthaobhach. Ba cheart don Aontas comhar méadaithe a chur chun cinn idir gníomhaireachtaí agus comhlachtaí idirnáisiúnta a bhíonn ag déileáil leis an gcoireacht chomhshaoil (e.g. Interpol, UNODC, an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim[12], comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha, mar shampla Coinbhinsiún Basel). I mí na Samhna 2010, bhunaigh an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC), Rúnaíocht an Choinbhinsiúin maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES), Interpol, Oifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta (UNODC) agus an Banc Domhanda – an Cuibhreannas Idirnáisiúnta chun Coireacht Fiadhúlra a Chomhrac (ICCWC), chun níos mó tacaíochta a thabhairt do ghníomhaireachtaí náisiúnta forfheidhmithe dlí fiadhúlra agus do líonraí réigiúnacha agus fo-réigiúnacha a dhéanann an trádáil neamhdhleathach san fhiadhúlra (i.e. fána agus flóra) a chomhrac. I mí an Mhárta 2024, sna conclúidí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Ghlas[13], iarradh go mbeadh comhar domhanda feabhsaithe ann chun aghaidh a thabhairt ar an gcoireacht chomhshaoil idirnáisiúnta, agus béim á leagan ar a thábhachtaí atá sé an roinn de phlean gníomhaíochta athbhreithnithe an Aontais i gcoinne na gáinneála ar fhiadhúlra – an roinn sin a bhaineann le comhpháirtíocht dhomhanda na dtíortha foinse, na dtíortha tomhaltóra agus na dtíortha idirthurais a neartú – a chur chun feidhme.

---

10 Na Náisiúin Aontaithe, 2015, Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide, ar fáil ag: https://unfccc.int/sites/default/files/english_paris_agreement.pdf.

11 Na Náisiúin Aontaithe, 2022, Cinneadh arna ghlacadh ag comhdháil na bpáirtithe sa choinbhinsiún maidir leis an mbithéagsúlacht (Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montreal), ar fáil ag https://www.cbd.int/doc/decisions/cop-15/cop-15-dec-04-en.pdf.

12 Dhá mhóroibríocht idirnáisiúnta forfheidhmithe dlí faoin Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC) is ea Oibríocht Thunder (a théann i ngleic le coireacht foraoiseachta agus fiadhúlra) agus Oibríocht Demeter (a théann i ngleic le gáinneáil neamhdhleathach dramhaíola agus substaintí ídithe ózóin), a mbíonn oifigigh chustaim, phóilíneachta, rialaithe teorann, chomhshaoil, fhiadhúlra nó foraoiseachta ar fud an domhain bainteach leo. Fágann an cur chuige domhanda sin go mbíonn rath bliantúil ar na hoibríochtaí sin i dtéarmaí cásanna tuairiscithe.

13 7865/24.

17. An 21 Samhain 2023, glacadh na conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib (LAC)[14] ina n-iarrann an Chomhairle go mbeadh comhar níos láidre ann idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib i ndáil leis an gceartas agus an tslándáil ar gach leibhéal mar ábhar tosaíochta chun dul i ngleic leis an iliomad dúshlán atá ann agus atá ag éirí níos suntasaí de bharr na coireachta eagraithe trasnáisiúnta a mbíonn tionchar diúltach aici ar dhá thaobh an Atlantaigh. Áirítear orthu sin, i measc rudaí eile, an choireacht chomhshaoil.

18. Tá deis ann freisin comhairliúchán níos éifeachtaí a dhéanamh le Interpol agus le meithleacha gníomhacha Choiste Interpol um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú Comhshaoil, agus rannchuidiú gníomhach a dhéanamh leis na heagraíochtaí sin a ndíríonn ceann acu ar dhamáiste don chomhshaol nádúrtha agus don fhiadhúlra, ar choireacht foraoiseachta agus ar thruailliú comhshaoil, chomh maith le dul i gcomhairle le clár comhshaoil EDC.

19. Tá obair déanta ag líonraí éagsúla idirnáisiúnta, Eorpacha agus réigiúnacha[15] i réimse na coireachta comhshaoil a chomhrac le cuspóirí straitéiseacha nó oibríochtúla, lena n-áirítear an Líonra Eorpach um Choireacht Chomhshaoil (EnviCrimeNet), Líonra Eorpach na nIonchúisitheoirí don Chomhshaol (ENPE), Líonra an Aontais Eorpaigh maidir le Dlí an Chomhshaoil a Chur Chun Feidhme agus a Fhorfheidhmiú (IMPEL) agus Fóram Breithiúna an Aontais Eorpaigh don Chomhshaol (EUFJE). Tá ról na líonraí sin ríthábhachtach chun dea-chleachtais a mhalartú agus chun uirlisí nuálacha a fhorbairt d’fhonn dul i ngleic leis an gcoireacht chomhshaoil trasteorann. Ba cheart an úsáid is fearr a bhaint as scileanna earnáilsonracha na líonraí sin chun freagairt oibríochtúil agus straitéiseach ar an gcoireacht chomhshaoil a fhorbairt.

**14** 15737/23.

**15** Áirítear ar na líonraí sin Tionscnamh Fhoireann na hEorpa maidir le cúig mhórfhoraois i Méisimheiriceá a chaomhnú, Líonra na n-ionchúisitheoirí um choireacht chomhshaoil i réigiún Mhuir Bhailt (ENPRO) agus Líonra JAGUAR, atá ábhartha freisin mar ardán le haghaidh comhar póilíneachta idir tíortha i Meiriceá Laidineach agus Ballstáit an Aontais.

20. Tá gá le dlúthchomhar náisiúnta agus idirnáisiúnta idir go leor gníomhaithe sa chomhrac i gcoinne na coireachta comhshaoil: údaráis bhreithiúnacha, comhlachtaí riaracháin, údaráis forfheidhmithe dlí, údaráis chustaim, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus comhpháirtithe príobháideacha a bhfuil freagracht an gheatóra shochaíoch orthu maidir le pleanáil straitéiseach agus gníomhaíocht oibríochtúil araon. Ní mór sineirgí a fhorbairt freisin le comhlachais chomhshaoil ábhartha, a bhíonn i mbrollach an chatha go minic a mhéid a bhaineann le damáiste don chomhshaol, agus leis an tsochaí shibhialta. Ba cheart an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoina ról agus faoina acmhainneacht sa chomhrac i gcoinne na coireachta comhshaoil agus ba cheart an pobal a spreagadh chun an choireacht sin a thuairisciú do na húdaráis inniúla.

21. Tá gníomhaíocht forfheidhmithe dlí atá níos éifeachtaí, agus oibríochtaí ceilte agus uirlisí imscrúdaitheacha mar thaca léi nuair is gá, úsáideach sa réimse seo chun comhrac éifeachtach i gcoinne líonraí coiriúla a áirithiú agus chun imscrúduithe spriocdhírithe, brath, chomh maith le malartú tapa faisnéise agus dianchomhar oibríochtúil a dhéanamh, i bhfianaise an ghá atá ann an t-airgead a leanúint agus na ndúshlán a bhaineann le mí-úsáid an spáis ar líne ag coirpigh.

22. Chun go n-éireoidh le gníomhaíocht i gcoinne na bagartha sin, tá gá freisin le tuiscint agus mapáil shoiléir ar an mbagairt, ar túsphointí riachtanacha iad chun tosaíochtaí straitéiseacha a leagan síos, mar aon le saineolas atá cothrom le dáta ar na gníomhaithe lena mbaineann, go háirithe i ndáil leis na rialacha earnála lena leagtar amach an creat rialála. Dá bhrí sin, tá údaráis forfheidhmithe dlí agus bhreithiúnacha dea-oilte ríthábhachtach chun an choireacht chomhshaoil a chomhrac go rathúil.

23. Moltar do na Ballstáit bearta éifeachtacha a dhéanamh agus leibhéal iomchuí uirlisí agus acmhainní a chur ar fáil ar nós na hacmhainní daonna, na hacmhainní saotharlainne agus na teicneolaíochtaí anailíseacha is gá, chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar cheadúnais, agus sa chomhthéacs sin ní mór do na Ballstáit comhoibriú le chéile freisin. Uaireanta i gcás imscrúduithe ar choireacht chomhshaoil, bíonn gá le himscrúduithe doimhne ina n-úsáidtear modhanna eolaíocha, chomh maith le sampláil agus tástáil a dhéanamh ar shubstaintí (mar shampla, ceimiceáin nó leachtanna daite) chun fianaise a fháil i gcoinne dhéantóirí na gcoireanna comhshaoil sin; is réimse ríthábhachtach agus speisialaithe é seo. Tá gá le heolaithe agus saineolaithe teicniúla speisialaithe chun an fhianaise sin a bhailiú.

24. Ba cheart aitheantas a thabhairt do na tionscnaimh a rinneadh le blianta beaga anuas chun comhar trasteorann a éascú sa chomhrac i gcoinne na coireachta comhshaoil. Ós rud é gur tosaíocht de chuid EMPACT anois í an choireacht chomhshaoil (2018-2021; 2022-2025), bhunaigh Europol Tionscadal Anailíse a bhíonn ag plé le coireacht chomhshaoil agus thacaigh sé leis na Ballstáit ina n-imscrúduithe coiriúla maidir le feiniméin uile na coireachta comhshaoil. Is comhthiománaí é Europol freisin ar phleananna gníomhaíochta oibríochtúla ábhartha EMPACT agus cuireann sé tuarascálacha ar fáil maidir leis an gcoireacht chomhshaoil[16].

25. Tá ról gníomhach ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) sa chomhrac i gcoinne na calaoise comhshaoil agus oibríonn sí i ndlúthchomhar le húdaráis chustaim chun tacú le himscrúduithe trasteorann agus chun oibríochtaí comhpháirteacha custaim sa réimse sin a chomhordú nó páirt a ghlacadh iontu.

26. Tá ról ríthábhachtach ag Eurojust freisin sa chomhrac i gcoinne na coireachta comhshaoil. Tá taithí fhairsing aige maidir le déileáil le cásanna coireachta comhshaoil trasteorann a tharchuirtear chuig an ngníomhaireacht, lena n-áirítear trí chruinnithe comhordúcháin agus lárionaid chomhordúcháin a éascú agus trí thacaíocht a thabhairt d’Fhoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú (JITanna). Cuireann Eurojust tuarascálacha ar fáil ar chásobair ar nós tuarascáil ar chásanna a bhaineann le coireacht chomhshaoil chun aird a tharraingt ar bhacainní i réimse an chomhair bhreithiúnaigh agus chun dea-chleachtais a chomhroinnt. Tarraingítear aird sa tuarascáil sin freisin ar a thábhachtaí atá sásraí comhordúcháin ar an leibhéal náisiúnta, ar an líon neamhleor beag cásanna coireachta comhshaoil a tharchuirtear le haghaidh comhordú breithiúnach agus comhar breithiúnach ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus ar a thábhachtaí atá na deacrachtaí maidir le comhar breithiúnach trasteorann a eascraíonn as difríochtaí i gcoincheapa dlíthiúla agus i bpionóis maidir le coireacht chomhshaoil sa reachtaíocht náisiúnta.

27. Is féidir le digitiú na cumarsáide i réimse an chomhair bhreithiúnaigh rannchuidiú go mór freisin le comhar trasteorann a éascú chun tacú leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta comhshaoil.

---

16 Mar shampla, an tuarascáil a eisíodh le déanaí dar teideal ‘An choireacht chomhshaoil a chomhrac: Príomhbhagairtí agus príomhdhúshláin’ (9251/24).

28. Ní bhíonn rochtain i gcónaí ag na Ballstáit ar uirlisí imscrúdaitheacha speisialta ar nós faireachas ceilte agus uirlisí imscrúdaitheacha (faisnéis dhaonna) chun coireanna comhshaoil tromchúiseacha nó eagraithe a chomhrac; ní bhíonn ach uirlisí imscrúdaitheacha caighdeánacha ar fáil do na Ballstáit den chuid is mó. Cuireann sé sin teorainn le héifeachtacht sa chomhrac i gcoinne líonraí coiriúla agus cuireann sé bac ar an gcomhar trasteorann, mar shampla nuair nach féidir leanúint leis an bhfaireachas a ordaítear i mBallstát amháin nó nach féidir an faireachas sin a fhorlíonadh i mBallstát eile lena mbaineann[17].

29. Tugtar aird ar leith ar na próisis atá taobh thiar de na cineálacha tipiciúla coireachta comhshaoil san earnáil ghnó, rud a d'fhéadfaí a chosc agus a mhaolú trí úsáid a bhaint as modhanna riaracháin chun an choireacht eagraithe a chomhrac, go háirithe trí chórais díchill chuí do chustaiméirí a chur i bhfeidhm, gan áitreabh a ligean ar cíos a áireamh.

30. D'fhéadfadh sé nach mbeadh an saineolas speisialaithe ag gach breitheamh, ionchúisitheoir agus imscrúdaitheoir chun imscrúdú éifeachtach ar choireacht sa réimse seo a éascú.

31. Ba cheart béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé oiliúint leormhaith a chur ar fáil mar fhreagairt ar fheabhas a chur ar an gcumas coireacht chomhshaoil agus cionta gaolmhara a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus ar an tosaíocht a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh i bhforbairt punainne oiliúna maidir le coireacht chomhshaoil chomh maith le sciúradh a mbrabús aindleathach chun na scileanna agus an t-eolas a theastaíonn ó phobal forfheidhmithe dlí, ionchúisitheoirí agus breithiúna na hEorpa a fhorbairt.

**17** Féach Moladh (AE) 2022/915 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le comhar um fhorfheidhmiú oibríochtúil.

**Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

32. An Treoir nua maidir le Coireacht Chomhshaoil a thrasuí go tráthúil. Agus an Treoir á trasuí, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar cheapadh na gcionta agus na mbeart nua chun freagairt ar dhúshláin forfheidhmithe dlí. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar dhea-chleachtais agus taithí atá ann cheana a mhalartú roimh ré chun cuidiú le leibhéal coibhéiseach cosanta a bhunú.

33. Féachaint le straitéisí náisiúnta a ghlacadh go pras agus sásraí éifeachtacha comhordúcháin agus comhroinnte sonraí ar bhonn náisiúnta a bhunú a mbeidh acmhainneachtaí iomchuí acu i mbailiú faisnéise agus i staidreamh go príomha. Sa chomhthéacs sin, fothú acmhainneachta agus speisialtóireacht fhoireann ábhartha na gcomhlachtaí a bhfuil baint acu leis na sásraí sin a éascú, lena n-áirítear trí oiliúint ar choireacht chomhshaoil a chomhtháthú i gcuraclaim náisiúnta na n-acadamh oiliúna agus na scoileanna ábhartha.

34. Speisialtóireacht dheonach a chur chun cinn agus imscrúdú éifeachtach ar choireanna sa réimse sin a éascú, machnamh a dhéanamh ar nósanna imeachta iomchuí a fhorbairt chun na hacmhainneachtaí speisialaithe sin a chur ar fáil go tráthúil chun cabhrú le húdaráis forfheidhmithe dlí agus le húdaráis bhreithiúnacha. Agus speisialtóireacht mar sin á cur chun cinn, ba cheart neamhspleáchas agus uathriail na mbreithiúna agus na n-ionchúisitheoirí a urramú.

35. Agus coireacht chomhshaoil trasteorann de chineál eagraithe á hionchúiseamh, spreagadh a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, leas iomlán a bhaint as na deiseanna arna gcur ar fáil ag Foirne Comhpháirteacha um Imscrúdú arna n-éascú ag Eurojust, agus ag an nGréasán Breithiúnach Eorpach (EJN), agus na coinníollacha dlíthiúla agus eagraíochtúla a áirithiú le haghaidh comhar breithiúnach rianúil. Cúnamh Eurojust a úsáid chun malartú trasteorann faisnéise agus comhair ar an leibhéal breithiúnach a éascú agus chun dlús a chur leis, chun straitéisí comhchoiteanna imscrúdaithe agus ionchúisimh a fhorbairt in imeachtaí coiriúla nasctha nó comhthreomhara, chun tarchur agus forghníomhú ionstraimí comhair bhreithiúnaigh Eorpacha agus idirnáisiúnta a éascú. Go háirithe, machnamh a dhéanamh ar phointí fócasacha náisiúnta agus aonaid speisialaithe forfheidhmithe dlí agus ionchúisimh a bhunú, chomh maith le hoiliúint spriocdhírithe a spreagadh laistigh de na breithiúna dóibh siúd a bhíonn ag tabhairt aghaidh ar na cásanna sin go minic.

36. Forbairt agus glacadh uirlisí digiteacha agus nuálacha a dhreasú chun go mbeidh seirbhísí imscrúdaitheacha níos tapúla agus níos éifeachtaí[18].

37. Leas a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis na cistí de chuid an Aontais atá ar fáil, lena n-áirítear an Ciste Slándála Inmheánaí.

38. Go háirithe faoi chuimsiú EMPACT, dul i dteagmháil agus comhoibriú, nuair is gá, leis na Ballstáit agus le comhpháirtithe nach baill den Aontas iad maidir le comhar idirnáisiúnta i bhforfheidhmiú an dlí de chineál fíoroibríochtúil i ndáil le hoibríochtaí forfheidhmithe dlí a dhéanamh chun cineálacha trasteorann coireachta a chomhrac, agus an úsáid is leithne is féidir a bhaint as ionstraimí atá ann cheana le haghaidh comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí, agus aon ghníomhaíocht oibríochtúil is gá a mholadh agus a stiúradh sa phlean gníomhaíochta oibríochtúil ábhartha. Cuidíonn na scéimeanna sin freisin leis an spreagadh is gá a thabhairt chun an comhrac i gcoinne na coireachta comhshaoil a chur chun cinn, rud atá ina mheántosaíocht i gcónaí ag roinnt fórsaí póilíneachta.

39. Agus coireacht chomhshaoil trasteorann á comhrac, comhar éifeachtach a chothú idir údaráis chustaim, a bhfuil ról ríthábhachtach acu maidir le loingsithe a sháraíonn rialacha comhshaoil a bhrath, agus údaráis chomhshaoil i gcás amhras faoi ghníomhaíochtaí aindleathacha a fhionnadh, sreafaí a imscrúdú agus straitéisí a chomhrac chun dul timpeall ar rialacha/rialuithe agus faisnéis a mhalartú i measc na mBallstát agus le húdaráis eile (trí CSW-CERTEX AE nó CENcomm, de réir mar is iomchuí), agus leis an gCoimisiún (TAXUD agus OLAF, trí CBRC agus AFIS).

---

**18** Sa chomhthéacs sin, moltar d'údaráis na mBallstát aird a thabhairt ar na tionscadail taighde Fís Eorpach PERIVALLON agus EMERITUS atá ar bun faoi láthair agus atá á gcistiú ag an Aontas, ar tionscadail iad atá ag forbairt uirlisí chun léargas feabhsaithe cuimsitheach faisnéise a sholáthar ar an gcoireacht chomhshaoil eagraithe agus atá ag dearadh teicneolaíochtaí braith bunaithe ar fhaisnéis gheospásúil, cianbhraiteacht, faireachán ar líne, anailís, measúnú riosca, agus teicneolaíochtaí anailísíochta tuarthacha chun tacú le cumais imscrúdaitheacha d'fhonn an choireacht chomhshaoil a chomhrac. Thairis sin, tá cláir oiliúna chomhlántacha á bhforbairt lena gcothaítear údaráis forfheidhmithe comhshaoil.

40. Maidir le coireacht chomhshaoil atá bainteach le loingsithe aindleathacha trasteorann, i bhfianaise bhunról na n-údarás custaim sa chomhrac i gcoinne an fheiniméin sin, a áirithiú go mbainfear úsáid chórasach as AFIS (Córas Faisnéise Frithchalaoise). Cé gurb é an príomhbhealach slán cumarsáide é ag na húdaráis chustaim, féadfaidh údaráis forfheidhmithe dlí agus riaracháin sna Ballstáit agus i dtríú tíortha fiú, leas a bhaint as freisin. Leis an gcumarsáid trí AFIS, féachtar chuige go mbíonn comhordú idir na húdaráis uile lena mbaineann, ós rud é gurb iad cigireachtaí/measúnuithe riaracháin, go minic, an chéad chéim lena ndéantar loingsiú neamhdhleathach a bhrath.

41. A mholadh go ndéanfadh údaráis forfheidhmithe dlí (lena n-áirítear údaráis chustaim) a bhfuil rochtain acu orthu cheana úsáid fhairsing a bhaint as na bealaí slána cumarsáide atá ann cheana, eadhon Feidhmchlár Líonra Europol um Malartú Slán Faisnéise (SIENA) agus, nuair is gá, Córas Cumarsáide Póilíneachta Slán Domhanda de chuid Interpol [I-24/7], chun meartharchur cuimsitheach faisnéise oibríochtúla a áirithiú i gcásanna coireachta comhshaoil trasteorann agus, i gcomhréir le Rialachán Europol, Europol a áireamh sna malartuithe sin, ionas gur fearr a fhéadfaidh Europol tacú le himscrúduithe náisiúnta agus comhpháirteacha araon trí bhíthin anailís agus cros-seiceáil ar cháilíocht níos fearr.

42. Na bagairtí a mhapáil agus bagairtí tosaíochta a shainaithint bunaithe ar léargas inchreidte, cuimsitheach, cothrom le dáta ar an staid, lena n-éilítear comhroinnt fhairsing faisnéise agus obair anailíseach iomchuí idir na Ballstáit agus le Europol, OLAF agus comhlachtaí ábhartha eile mar shampla Interpol, EDC, rúnaíochtaí an Choinbhinsiúin maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES) agus rúnaíocht choinbhinsiúin Basel, Rotterdam agus Stócólm (Comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha BRS).

43. Chun díriú ar an mbagairt lena mbaineann, béim ar leith a leagan ar chineálacha cur chuige riaracháin a d’fhéadfadh a bheith ann maidir leis an gcineál sin coireachta, go háirithe chun an t-éilliú a leanann an bhagairt a dhíspreagadh.

44. Agus coireacht chomhshaoil á himscrúdú agus á hionchúiseamh, i gcomhréir le moltaí an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (TFGA) agus le forálacha na Treorach maidir le hAisghabháil agus Coigistiú Sócmhainní[19], imscrúduithe airgeadais a sheoladh i gcomhthráth le himscrúduithe coiriúla d'fhonn an prionsabal maidir leis 'an lorg airgid a leanúint' a chur i bhfeidhm, go háirithe i gcoinne na coireachta comhshaoil trasteorann, agus é mar aidhm leis sin na líonraí coiriúla atá taobh thiar de na cásanna aonair a chur ó mhaith agus a dhíchóimeáil. Áirítear leis sin imscrúduithe airgeadais a sheoladh go córasach agus leas a bhaint as uirlisí iomchuí chun fáltais ó choireacht agus ó mhaoin a eascraíonn as gníomhaíochtaí coiriúla a rianú, a shainaithint, a chalcadh agus a choigistiú go héifeachtach agus go gasta. Chuige sin, comhar a fheabhsú nó a bhunú ar an leibhéal náisiúnta idir na haonaid um fhaisnéis airgeadais agus na húdaráis speisialaithe forfheidhmithe dlí, trí fhaisnéis airgeadais ábhartha, eolas agus oiliúint maidir le rioscaí agus cineálacha gníomhaíochtaí neamhdhleathacha atá bainteach le coireanna comhshaoil a chomhroinnt i gcomhréir le dlí an Aontais, mar shampla an Treoir maidir le hAisghabháil agus Coigistiú Sócmhainní.

45. I gcomhréir leis an dlí náisiúnta, imscrúduithe airgeadais a chórasú chun ciorcad na gcistí aindleathacha a shainaithint agus úsáid sócmhainní coigistithe a mheas, i gcás inar féidir agus inarb iomchuí ar mhaithe le leas an phobail nó chun críoch sóisialta, mar shampla chun rannchuidiú le bearta caomhnaithe.

46. Speisialtóirí um imscrúdú digiteach a leabú laistigh d'aonaid speisialaithe forfheidhmithe dlí agus é d'aidhm acu an choireacht chomhshaoil a chomhrac nuair is gá.

47. Agus straitéisí náisiúnta á bhforbairt, oiliúint a cheadú le go ndéanfar an straitéis a scaipeadh ina dhiaidh sin ar an bhfoireann agus ar na húdaráis ábhartha go léir. Tá sé tábhachtach freisin béim láidir a leagan ar chosc, lena n-áirítear i measc pobail áitiúla agus an óige, le go mbeidís ar an eolas faoi iarmhairtí na gcionta.

---

19 Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní, IO L 2024/1260, 2.5.2024.

48. Iarracht a dhéanamh feachtais múscailte feasachta spriocdhírithe a chur i dtoll a chéile, i gcomhpháirtíocht leis na hearnálacha sibhialta agus príobháideacha, chun cur le feasacht an phobail, tabhairt ar shaoránaigh a thagann trasna ar ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha é sin a thuairisciú agus oideachas a chur ar leanaí le tús áite a thabhairt do shábháilteacht a dtimpeallachta chun í a chosaint.

49. Na dea-chleachtais atá ann cheana a chur san áireamh, i gcás inar féidir sin leis na struchtúir náisiúnta, mar shampla an stiúrthóireacht um fhorfheidhmiú an dlí don chomhshaol agus don tsláinte phoiblí (CESAN, Gendarmerie na Fraince) (an Fhrainc), Ionad Oiliúna an Carabinieri in Sabaudia (an Iodáil), Oifig Náisiúnta um Fhaisnéis Chomhshaoil na Seirbhíse um Chosaint an Dúlra de chuid Guardia Civil na Spáinne (SEPRONA), an tSeirbhís um Chosaint an Dúlra agus an Chomhshaoil (SEPNA) de chuid Gharda Náisiúnta na Poblachta (GNR, Gendarmerie na Portaingéile) agus na foirne gníomhaíochta oibríochtúla éifeachtacha chun loingsithe neamhdhleathacha dramhaíola sa tSlóivéin a bhrath, a úsáideann cur chuige ildisciplíneach, agus a chur san áireamh freisin a riachtanaí atá sé go mbeadh acmhainneacht leordhóthanach ag na Ballstáit sna heagraíochtaí ábhartha uile.

50. Gníomhaíochtaí gaolmhara Líonra Eorpach na Seirbhísí Teicneolaíochta um Fhorfheidhmiú an Dlí (ENLETS) maidir leis an bPóilíneacht Ghlas a chur san áireamh.

51. I gcás inarb iomchuí, a chur in iúl go forleathan faoi na cásanna sin a rabhthas in ann an choireacht chomhshaoil a chosc agus a ionchúiseamh ionas gur fairsinge an cuntas ar ghníomhaíochtaí aonair.

52. Forbairt uirlisí a spreagadh, ar bhealach comhordaithe, chun rialú dramhaíola a chothú (i dtíortha tionscnaimh agus cinn scríbe araon), chun an fhaisnéis riachtanach a chur ar fáil go gasta agus go héifeachtach agus, más gá, í a chur i gcomparáid leis na sonraí chun iompar nó stóráil dramhaíola atá an-chontúirteach, i gcásanna áirithe, a chosc, agus chun a chinneadh an bhfuil an t-iompar agus an stóráil sin dleathach.

**Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún Eorpach an méid seo a leanas a dhéanamh:**

53. Dlúthfhaireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí atá cur chun feidhme na Treorach nua maidir leis an gCoireacht Chomhshaoil agus tacú leis na páirtithe leasmhara ábhartha i gcur chun feidhme na Treorach sin.

54. Féachaint an bhféadfaí a chur ar chumas na mBallstát tacú le forbairt straitéisí náisiúnta chun an choireacht chomhshaoil a chomhrac faoi chuimsiú na gcistí atá ar fáil agus le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí ábhartha.

55. Ról a thabhairt do phríomhghníomhaithe phleananna gníomhaíochta oibríochtúla ábhartha EMPACT agus tionscadail á gceapadh agus á gcur chun feidhme chun aon dúbláil iarrachtaí nó aon fhorluí a sheachaint.

56. Dea-chleachtais maidir le comhordú náisiúnta a chur chun cinn agus úsáid ardáin reatha Interpol, na gceithre líonra (IMPEL, ENPE, EUFJE, EnviCrimeNet) agus go háirithe ardán Europol do shaineolaithe, agus Eurojust freisin ar leibhéal na n-ionchúisitheoirí, a chur chun cinn chun malartú na ndea-chleachtas sin a fheabhsú.

57. Leanúint dá chomhar le líonraí na gcleachtóirí forfheidhmithe comhshaoil atá ann cheana, amhail IMPEL (cigirí); ENPE (ionchúisitheoirí); EUFJE (breithiúna); agus EnviCrimeNet (póilíní agus oifigigh eile forfheidhmithe); agus an comhar sin a neartú a thuilleadh, agus torthaí a gcuid oibre a chur chun cinn.

**Iarrann an Chomhairle ar Europol an méid seo a leanas a dhéanamh:**

*58.* Leanúint de thacú le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí an Aontais ina n-imscrúduithe coiriúla maidir le gach feiniméin coireachta comhshaoil agus aird ar leith á tabhairt ar dhúshláin nua a bhaineann leis an ngáinneáil ar dhramhaíl, leis an trádáil neamhdhleathach i ngáis fhluairínithe agus i substaintí eile ídithe ózóin, le scéimeanna calaoise in earnálacha atá ábhartha don chomhshaol chomh maith leis an lománaíocht neamhdhleathach, an gháinneáil ar adhmad agus ar fhiadhúlra agus cionta in aghaidh speicis mhuirí chosanta, agus maidir le hiarmhairtí don tsláinte phoiblí.

59. Leanúint de na Ballstáit a spreagadh faisnéis a chomhroinnt maidir le cásanna ábhartha trasteorann agus dul i dteagmháil go gníomhach le Europol, i gcás inarb iomchuí.

60. A naisc leis na meithleacha gníomhacha agus le tascfhórsa Choiste Interpol um Choireacht Chomhshaoil a neartú, go háirithe sa réimse maidir le honnmhairí agus allmhairí neamhdhleathacha loingsithe dramhaíola a chomhrac, mar aon leis an ngáinneáil ar speicis fána agus flora fiáine atá i mbaol agus falsú doiciméad a úsáidtear i dtrádáil dhlíthiúil na n-earraí lena mbaineann agus a naisc leis an obair a dhéanann EDC a neartú freisin.

61. Féachaint ar réitigh a d’fhéadfadh a bheith ann ar leibhéal an Aontais chun calaois ghaolmhar doiciméad a laghdú trí chur leis an rannpháirtíocht i gComhsprioc ábhartha Straitéiseach Chothrománach EMPACT.

**Iarrann an Chomhairle ar Eurojust an méid seo a leanas a dhéanamh:**

62. Leanúint de na Ballstáit a spreagadh agus de thacú leo i dtaobh Foirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a bhunú sa réimse sin.

63. Comhar breithiúnach idir na Ballstáit a éascú cur chun feidhme an chreata dhlíthiúil a fheabhsú, arb é is aidhm dó an choireacht chomhshaoil a chomhrac.

64. Oibriú le EJTN lena áirithiú go ndéanfar na treoirlínte, na dea-chleachtais agus na moltaí nua a eascraíonn as taithí chásobair Eurojust agus as an reachtaíocht fhairsing chúlra a chur ar fáil do na hionchúisitheoirí agus do na breithiúna a luaithe is féidir ionas go mbeidh ar a gcumas ceartas éifeachtach a chur ar fáil i gcomhthéacs an chomhraic i gcoinne na coireachta comhshaoil.

**Iarrann an Chomhairle ar EnviCrimeNet an méid seo a leanas a dhéanamh:**

65. Leanúint de thacú le saineolaithe na mBallstát trí dhea-chleachtais a mhalartú agus trí chomhar idir na Ballstáit a éascú.

66. Obair leantach a dhéanamh ar thionscadail, ar thionscnaimh agus ar thaighde an Aontais maidir leis an gcoireacht chomhshaoil a chomhrac i gcomhar le gníomhaíochtaí a forbraíodh i bPleananna Gníomhaíochta Oibríochtúla EMPACT.

67. Tuilleadh béime a chur ar ról na ngníomhaíochtaí ar líne agus ar ghnéithe atá bainteach le himscrúduithe airgeadais.

68. Tacú le tíortha Straitéis Náisiúnta Comhshaoil a chur ar bun nó athbhreithniú a dhéanamh uirthi.

**Iarrann an Chomhairle ar CEPOL an méid seo a leanas a dhéanamh**:

69. Leanúint de thacú le pobal forfheidhmithe dlí an Aontais agus d'acmhainneacht oiliúna mhéadaithe a sholáthar do na Ballstáit maidir leis an gcoireacht chomhshaoil a chosc agus a imscrúdú, ag tógáil ar na tosaíochtaí oiliúna straitéiseacha arna sainaithint ag EU-STNA 2022-2025, i gcomhréir leis na tosaíochtaí arna sainaithint ag an gComhaontú Glas don Eoraip agus ag Líonra na nGníomhaireachtaí um Cheartas agus Gnóthaí Baile, agus le torthaí an Mheasúnaithe ar Riachtanais Oiliúna Oibríochtúla (OTNA) maidir leis an gcoireacht chomhshaoil.

**Iarrann an Chomhairle ar Líonra Jaguar an méid seo a leanas a dhéanamh:**

70. An malartú faisnéise idir Meiriceá Laidineach, Muir Chairib agus an tAontas Eorpach a mhéadú trí uchtach a thabhairt do thríú tíortha na réigiún sin an comhar le Europol a fheabhsú, uchtach a thabhairt d'údaráis ábhartha na réigiún sin comhoibriú go rialta agus go gníomhach ar bhonn oibríochtaí comhordaithe pleanáilte, líon agus raon feidhme na n-oibríochtaí a mhéadú, agus an taithí i ndiaidh teagmhas agus na ceachtanna a foghlaimíodh a chomhroinnt.

71. Tacú leis an gComhairle a bhfuil sna Conclúidí uaithi maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib, a glacadh an 21 Samhain 2023, a bhaint amach i réimse an chomhraic i gcoinne na coireachta comhshaoil.

---